Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0219

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2025/002 DE/Goodyear 2 - an Ghearmáin

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2025/002 DE/Goodyear 2 (COM(2025)0302 – C10-0182/2025 – 2025/0245(BUD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0302 – C10-0182/2025),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[3], agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[1], agus go háirithe pointe 9 de,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A10-0168/2025),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus na comhlachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur chuir an Ghearmáin iarratas EGF/2025/002 DE/Goodyear 2 isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis 1,171 iomarcaíocht[2] san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 22 (Monarú táirgí rubair agus plaisteacha) sna réigiún Kassel (DE73) agus Darmstadt (DE71) ina bhfuil 747 n-iomarcaíocht laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 1 Meán Fómhair 2024 go dtí an 1 Eanáir 2025, agus 424 iomarcaíocht roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh;

C. de bhrí, maidir leis na 424 iomarcaíocht ar tháinig deireadh lena ngníomhaíocht roimh an tréimhse thagartha 4 mhí nó ina diaidh, gur féidir nasc cúisíoch soiléir a dhéanamh leis an teagmhas a spreag deireadh le gníomhaíocht do na hoibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha mar a cheanglaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán CED;

D. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, lena gceanglaítear go scoirfí de ghníomhaíocht 200 oibrí iomarcach nó duine féinfhostaithe ar a laghad thar thréimhse thagartha 4 mhí, i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh chun bealaigh i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha;

E. de bhrí go raibh tionchar ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ag an mboilsciú atá ag dul i méid ar chostas an fhuinnimh, na n-ábhar agus na saothair, rud a mhéadaíonn an brú ar chorrlaigh an chuideachta Goodyear;

---

1 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

2 De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

F. de bhrí go bhfuil speisialtóireacht á déanamh ag Goodyear Germany GmbH i monarú táirgí rubair agus plaisteacha, go háirithe boinn; de bhrí go ndearnadh difear suntasach don chuideachta ón iomaíochas méadaithe ó allmhairiúcháin ísealchostais a thagann ón Áise;

G. de bhrí gurb é sin an dara slógadh CED ar iarr údaráis na Gearmáine air tar éis athstruchtúrú ar chuideachta Goodyear, ós rud é gur slógadh CED tar éis dhúnadh ceann de gléasra na cuideachta in Philippsburg in 2017;

H. de bhrí gur cuireadh iallach ar an gcuideachta, mar gheall ar an meath tapa ar éileamh, mar aon le costais táirgthe mhéadaitheacha, dul i mbun próiseas athstruchtúrtha, lenar bhain dúnadh ceann dá láithreáin táirgeachta agus dúnadh páirteach ceann eile sa Ghearmáin in 2024;

I. de bhrí go bhfuil buiséad Cónaidhme na Gearmáine agus Bundesagentur für Arbeit ag soláthar réamh-mhaoiniú agus chómhaoiniú náisiúnta na mbeart;

J. de bhrí gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus sa reachtaíocht náisiúnta maidir le comhiomarcaíochtaí;

K. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

L. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Ghearmáin i dteideal EUR 3 085 166 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 60 % den chostas iomlán de EUR 5 141 944, a chuimsíonn EUR 4 936 274 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 205 670 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistithe, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Gearmáine an t-iarratas isteach an 10 Márta 2025, agus, tar éis don Ghearmáin faisnéis bhreise a chur ar fáil, gur thug an Coimisiún a mheasúnú i gcrích an 29 Iúil 2025, níos mó ná 4 mhí ina dhiaidh sin, agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an 26 Lúnasa 2025;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 1,171 oibrí iomarcacha a ndearnadh difear dóibh le dúnadh an láithreáin táirgthe in Fulda, agus dúnadh páirteach saoráidí táirgthe in Hanau; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbeidh 915 oibrí iomarcacha san iomlán ina dtairbhithe a bhfuiltear ag díriú orthu agus go bhfuiltear ag dréim leis go nglacfaidh siad páirt sna bearta;

4. ag tabhairt dá haire go bhfuil leibhéal íseal oideachais ag an gcuid is mó de na hoibrithe iomarcacha (oideachas meánscoile sóisearach nó níos luaithe ag 56 % díobh) agus go bhfuil siad 54 bliana d'aois nó níos sine (42 %); á chur i bhfios go láidir gur grúpa an-leochaileach iad oibrithe scothaosta go háirithe, a bhfuil bacainní suntasacha rompu maidir le hathfhostaíocht mar gheall ar dheiseanna teoranta maidir le huasoiliúint agus athoiliúint;

5. á chur in iúl gur chuir iomarcaíochtaí Goodyear méadú os cionn 10% leis an ráta dífhostaíochta i réigiún Fulda, agus go ndearnadh difear díréireach d'oibrithe fir agus do dhaoine níos sine ná 50, a bhfuil cáilíochtaí as dáta acu agus nach bhfuil a dtacair sainscileanna ar aon dul leis an éileamh reatha sa mhargadh; á chur i bhfáth go bhfuil gá le gníomhaíocht mhear chun meath struchtúrach réigiúnach a chosc agus ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé poist ardcháilíochta atá dírithe ar an todhchaí a chothú chun athléimneacht fhadtéarmach eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú;

6. á mheabhrú gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe: bearta uasoiliúna nó athoiliúna substaintiúla, treoirchomhairleoireacht agus bearta gairm-threoshuímh / gníomhachtaithe gairme, seirbhísí comhairleacha agus liúntais le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, cúnamh chun poist a chuardach, dreasachtaí uasoiliúna agus forlíontaí, liúntais oiliúna, oiliúint faoi scileanna digiteacha; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil lucht saothair dea-oilte ríthábhachtach do gheilleagar Eorpach a bheidh slán i bhfad na haimsire;

7. á mheas gur freagracht shóisialta de chuid an Aontais agus na mBallstát é na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil do na hoibrithe sin a cuireadh ar iomarcaíocht le haghaidh geilleagar Eorpach a sheasfaidh an aimsir agus a bhainfidh an claochlú digiteach agus glas amach; á mheas, dá bhrí sin, gur gá slógadh CED a leabú i bhfreagairt bheartais níos mó;

8. á iarraidh go ndéanfaí meastóireachtaí deiridh críochnúla ar na bearta a cuireadh chun feidhme, lena n-ionchorpraítear sonraí maidir le líon na n-oibrithe atá athimeasctha go rathúil san fhostaíocht chomh maith leo siúd a bhfuil bearta oiliúna agus uasoiliúna curtha i gcrích acu;

9. ag tabhairt dá haire, amhail ón 20 Feabhra 2025, gur tugadh 915 chonradh thríthaobhacha san iomlán i gcrích idir Goodyear, na

fostaithe, agus PMB International GmbH, an soláthraí seirbhíse a roghnaíodh chun an chuideachta aistrithe a bhainistiú, agus 781 iontráil sceidealaithe do Fulda agus 134 iontráil beartaithe do Hanau; á chur in iúl gur geal léi an léiriú go bhfuiltear ag dréim leis go dtiocfaidh méadú ar na huimhreacha sin de réir mar a shíneofar níos mó comhaontuithe;

10. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Ghearmáin ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe an 1 Samhain 2024 agus, dá bhrí sin, gur ón dáta sin go dtí 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh a ghabhann leis an rún seo a bheidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED;

11. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Ghearmáin ag tabhú caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme an 1 Samhain 2024 agus, dá bhrí sin, go mbeidh an caiteachas sin incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón dáta sin go dtí 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

12. á chur i bhfáth gur thug údaráis na Gearmáine dearbhú go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe sa rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus ina gcur chun feidhme, agus go gcoiscfear aon mhaoiniú dúbailte;

13. á mheabhrú go n-aithníonn údaráis na Gearmáine tionscnamh chistiú an Aontais agus go n-áirithíonn siad infheictheacht an chistithe sin, agus béim á leagan ar bhreisluach an Aontais; á chur i bhfáth gur cheart é sin a bhaint amach trí bhearta faisnéise spriocdhírithe lena dtabharfar aghaidh ar thairbhithe, ar chomhpháirtithe sóisialta agus ar na meáin;

14. á athdhearbhú nach ceadmhach cúnamh ó CED a chur in ionad gníomhaíochtaí atá mar fhreagracht ar chuideachtaí, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna;

15. á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le hiarrachtaí comhleanúnacha agus comhordaithe iomaíochais an Aontais, arna bhforbairt i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun bonn fostaíochta tionsclaíoch agus slándáil shóisialta na hEorpa a choimirciú; á chur i bhfios go láidir nach féidir ach le geilleagar Eorpach láidir agus athléimneach iomarcaíochtaí ar mórscála a chosc go héifeachtach, rud a laghdóidh an gá atá le hidirghabháil CED sa chéad áit;

16. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

17. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

18. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón nGearmáin – EGF/2025/002 DE/Goodyear 2

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/2135.)